Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Samhain 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0365(COD)**

**9644/20**
**ADD 1**

**EF 142**
**ECOFIN 597**
**CODEC 631**

**DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creat le haghaidh téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1095/2010, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 806/2014 agus (AE) 2015/2365 agus Treoracha 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2007/36/CE, 2014/59/AE agus (AE) 2017/1132<br>- Dréacht-Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle |

## I. RÉAMHRÁ

An 28 Samhain 2016, tharchuir an Coimisiún chuig an gComhairle togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat le haghaidh téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1095/2010, (AE) Uimh. 648/2012, agus (AE) 2015/2365 ("an Rialachán"). Is é is príomhchuspóir don togra creat a bhunú le haghaidh téarnamh agus réiteach Contrapháirtithe Lárnacha (CPLanna), a mbeidh de thoradh air go n-áiritheofar go mbeidh na hacmhainní ag CPLanna agus ag údaráis náisiúnta san Aontas araon gníomhú go cinntitheach i gcás ina bhfuil anás géar nó cliseadh ag bagairt ar CPL.

An 27 Márta 2019 ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh i ndáil leis an Rialachán maidir le Téarnamh agus Réiteach CPLanna.
Le linn roinnt cruinnithe faoi uachtaránachtaí éagsúla, rinne Meitheal na Comhairle um Sheirbhísí Airgeadais scrúdú ar an Rialachán atá beartaithe.
Tháinig Coiste na mBuanionadaithe sa Chomhairle ar chomhaontú an 4 Nollaig 2019 maidir le sainordú le haghaidh chaibidlíocht na Comhairle le Parlaimint na hEorpa.
An 23 Meitheamh 2020, tháinig Uachtaránacht Pharlaimint na hEorpa agus Uachtaránacht na Comhairle ar chomhréiteach deiridh agus leis sin, bhíothas in ann an chaibidlíocht a thabhairt chun críche.
An 2 Meán Fómhair 2020, d'fhormheas Coiste Pharlaimint na hEorpa um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) toradh na caibidlíochta trípháirtí. Sheol Cathaoirleach Choiste ECON litir chuig Uachtaránacht na Comhairle an lá céanna inar cuireadh in iúl gurbh amhlaidh, dá nglacfadh an Chomhairle an téacs comhaontaithe (faoi réir fíorú dlí agus teanga) mar a seasamh ar an gcéad léamh, go molfadh sí do sheisiún iomlánach na Parlaiminte gur cheart don Pharlaimint an seasamh seo ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas ar an dara léamh.

An 12 Deireadh Fómhair 2020, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an téacs a comhaontaíodh roimh fhíorú dlí agus teanga a bheith déanta air.
Agus an comhaontú thuas á chur san áireamh aici agus tar éis athbhreithniú dlí agus teanga a bheith déanta, ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh an [xxxx 2020], i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach a leagtar síos in Airteagal 294 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## II. CUSPÓIR

Tá na margaí airgeadais ríthábhachtach le haghaidh fheidhmiú na ngeilleagar nua-aimseartha. Chun feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh aonair i seirbhísí airgeadais, tá sé tábhachtach nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm lena áirithiú, i gcás ina bhfuil anás airgeadais ag bagairt ar institiúid airgeadais nó ar bhonneagar margaidh airgeadais nó iad a bheith ar tí cliseadh, nach ndéanfaidh teagmhas den sórt sin an margadh airgeadais ina iomláine a dhíchobhsú agus nach ndéanfaidh sé dochar don fhás ar fud an gheilleagair i gcoitinne. Is codanna ríthábhachtacha de na margaí airgeadais domhanda iad na CPLanna, agus iad ag seasamh isteach idir na rannpháirtithe chun gníomhú mar cheannaitheoir do gach díoltóir agus mar dhíoltóir do gach ceannaitheoir, agus ról lárnach acu i bpróiseáil idirbheart airgeadais agus i mbainistiú neamhchosaintí ar rioscaí éagsúla is gné dhílis de na hidirbhearta sin.

De thoradh chomhtháthú mhargaí airgeadais an Aontais Eorpaigh, tá forbairt tagtha ar CPLanna agus anois, seachas a bheith ag freastal go príomha ar riachtanais bhaile agus ar na margaí baile, is nóid chriticiúla iad i margaí airgeadais an Aontais Eorpaigh i gcoitinne. Cuid mhaith den riosca airgeadais atá ag córas airgeadais an Aontais Eorpaigh, is in CPLanna a dhéantar é a phróiseáil agus a chomhdhlúthú thar ceann comhaltaí imréitigh agus a gcliant, agus, ar an ábhar sin, tá sé bunriachtanach rialáil éifeachtach agus maoirseacht stóinseach a dhéanamh ar CPLanna, i gcás seirbhísí intíre agus trasteorann araon.

Le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála, ceanglaítear cheana féin ar CPLanna cloí le caighdeáin arda stuamachta, eagrúcháin agus iompair gnó. Tá sé de chúram ar na húdaráis inniúla maoirseacht iomlán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí CPLanna. Chuir Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 le hathléimneacht CPLanna agus na margaí airgeadais i gcoitinne i gcoinne an raoin leathain rioscaí a phróiseáiltear agus a chomhdhlúthaítear in CPLanna.

Mar sin féin, is cuma an córas rialacha agus na cleachtais a bheadh i bhfeidhm, d'fhéadfadh sé nár leor na hacmhainní a bheadh ann chun na rioscaí arna dtabhú ag CPL a bhainistiú, lena n-áirítear teagmhas ina dtarlódh mainneachtain amháin nó níos mó ag comhaltaí imréitigh, nó teaglaim de mhainneachtain amháin nó níos mó ag comhalta imréitigh agus de chaillteanais airgeadais eile. I gcás ina bhfuil anás géar nó cliseadh ag bagairt orthu, ba cheart go mbeadh institiúidí airgeadais, lena n-áirítear CPLanna, i bprionsabal, fós faoi réir na ngnáthimeachtaí dócmhainneachta. Ós rud é, áfach, nach bhfuil na gnáthnósanna imeachta dócmhainneachta corparáideacha oiriúnach chun luas leordhóthanach idirghabhála a áirithiú ná chun tosaíocht leormhaith a thabhairt do leanúint d'fheidhmeanna criticiúla CPL ar mhaithe leis an gcobhsaíocht airgeadais a chaomhnú, is gá creat speisialta réitigh a chruthú do CPLanna.

Is éard is cuspóir don chreat téarnaimh agus réitigh seo a áirithiú go leagann CPLanna bearta amach le haghaidh téarnamh i ndiaidh anás airgeadais, chun feidhmeanna criticiúla CPL a bhfuil ag cliseadh air nó ar dócha go gclisfidh air a choimeád agus gníomhaíochtaí eile an CPL sin á bhfoirceannadh trí ghnáthimeachtaí dócmhainneachta, agus chun an chobhsaíocht airgeadais a chaomhnú agus ag an am céanna drochéifeacht nach beag ar an gcóras airgeadais agus ar a chumas freastal ar an bhfíorgheilleagar a sheachaint agus costas chliseadh CPL ar an gcáiníocóir a íoslaghdú. Leis an gcreat téarnaimh agus réitigh, déanfar ullmhacht CPLanna agus na n-údarás náisiúnta a threisiú a thuilleadh chun strus airgeadais a mhaolú, agus chun tuilleadh léargais a thabhairt do na húdaráis náisiúnta agus don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) ar ullmhúcháin CPLanna le haghaidh cásanna féideartha struis. Ina theannta sin, tabharfar leis an gcreat téarnaimh agus réitigh cumhachtaí do na húdaráis náisiúnta ullmhú le haghaidh réiteach poitéinsiúil CPL agus déileáil le meathlú CPL ar dhóigh chomhordaithe, rud a chuirfidh le feidhmiú rianúil na margaí airgeadais.

## III. <u>ANAILÍS AR SHEASAMH NA COMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH</u>

<u>(a) Raon feidhme an Rialacháin</u>

Leagtar síos leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh rialacha agus nósanna imeachta maidir le téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, agus rialacha maidir leis na socruithe le tríú tíortha sa réimse téarnaimh agus réitigh CPLanna.

(b) Údaráis, coláistí réitigh agus nósanna imeachta

Déanfaidh gach Ballstát údarás réitigh amháin nó níos mó a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige nó acu na huirlisí réitigh a úsáid agus na cumhachtaí réitigh a fheidhmiú faoi mar a leagtar síos sa Rialachán seo. Is bainc cheannais náisiúnta, aireachtaí inniúla, údaráis riaracháin phoiblí nó údaráis eile a bhfuil cumhachtaí riaracháin phoiblí tugtha dóibh a ainmneoidh na Ballstáit mar údaráis réitigh. Ní mór an saineolas, na hacmhainní agus an cumas oibríochtúil a bheith ag na húdaráis réitigh chun bearta réitigh a chur i bhfeidhm agus chun a gcumhachtaí a fheidhmiú ar an luas agus leis an tsolúbthacht atá de dhíth chun na cuspóirí réitigh a bhaint amach. Ní mór socruithe struchtúracha leordhóthanacha a chur i bhfeidhm chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint idir na feidhmeanna arna gcur de chúram ar an údarás réitigh de bhun an Rialacháin seo agus na feidhmeanna eile uile arna gcur de chúram ar an údarás céanna. Go háirithe, ba cheart neamhspleáchas oibríochtúil a áirithiú idir na feidhmeanna maoirseachta agus réitigh. Leis na ceanglais sin, ní chuirtear bac ar chóineasú línte tuairiscithe ar an leibhéal is airde d'eagraíocht lena gcomhchuimsítear feidhmeanna éagsúla nó údaráis éagsúla, ná baill foirne a bhfuil saineolas ábhartha acu a chomhroinnt faoi choinníollacha réamhshainithe. Ina theannta sin, ainmneoidh gach Ballstát aon aireacht amháin a bheidh freagrach as feidhmiú na bhfeidhmeanna arna gcur de chúram ar an aireacht inniúil de bhun an Rialacháin seo. Chun a áirithiú go bhfuil an focal deiridh ag aireacht inniúil an Bhallstáit maidir le cinntí de chuid an údaráis réitigh a bhfuil tionchar fioscach díreach nó impleachtaí sistéamacha acu ar dóigh dóibh tionchar fioscach díreach a bheith acu, tá sé d'oibleagáid ar an údarás réitigh formheas na haireachta inniúla a fháil, mura leagtar a mhalairt síos sa dlí náisiúnta.

Déanfaidh údarás réitigh an CPL coláiste réitigh a bhunú agus a bhainistiú, agus déanfaidh sé cathaoirleacht air, chun na cúraimí dá bhforáiltear sa Rialachán a chur i gcrích, agus áiritheoidh sé comhar agus comhordú leis na húdaráis is comhaltaí den choláiste réitigh agus, i gcás inarb iomchuí, comhar le húdaráis inniúla agus údaráis réitigh tríú tír. Maidir le húdaráis na mBallstát a bhféadfadh tionchar a bheith ag cliseadh an CPL orthu, lena n-áirítear údaráis inniúla chliaint chomhaltaí imréitigh an CPL, ar a gcobhsaíocht airgeadais, ba cheart iad a bheith in ann a bheith rannpháirteach sa choláiste réitigh bunaithe ar a measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag réiteach an CPL ar chobhsaíocht airgeadais a mBallstáit faoi seach.

Údaráis na mBallstát a bheidh rannpháirteach sa choláiste réitigh bunaithe ar mheasúnú den sórt sin, beidh siad ina gcomhaltaí gan vóta agus beidh siad i dteideal rannchuidiú freisin le clár oibre chruinnithe an choláiste a shocrú, go háirithe trí phointí a chur le clár oibre an chruinnithe. Chun feidhmiú comhsheasmhach comhleanúnach na gcoláistí réitigh a áirithiú ar fud an Aontais, forbróidh an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun sonrú a dhéanamh ar inneachar na socruithe agus na nósanna imeachta i scríbhinn le haghaidh fheidhmiú na gcoláistí réitigh.

Cruthóidh ESMA Coiste Réitigh ESMA chun na cinntí a chuirfear de chúram ar ESMA faoin Rialachán a ullmhú, agus beidh ar an gCoiste Réitigh sin údaráis réitigh ainmnithe, agus beidh údaráis dá dtagraítear i bpointí (i) agus (v) d'Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 rannpháirteach mar bhreathnóirí. Áiritheoidh ESMA go mbeidh deighilt struchtúrach ann idir Coiste Réitigh ESMA agus a fheidhmeanna eile. Chun críoch an Rialacháin, ba cheart do ESMA comhoibriú leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) agus leis an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) faoi chuimsiú Chomhchoiste na nÚdarás Maoirseachta Eorpach.

Tá sé ríthábhachtach go n-oibreodh na húdaráis réitigh, na húdaráis inniúla agus ESMA i gcomhar le chéile agus go dtabharfaidís dá chéile go tráthúil an fhaisnéis uile is ábhartha maidir le feidhmiú a gcúram faoin Rialachán.
I gcinnteoireacht na n-údarás inniúil, na n-údarás réitigh agus ESMA, tabharfar aird ar roinnt prionsabail ghinearálta a leagtar síos sa Rialachán, lena n-áirítear a riachtanaí atá sé úsáid tacaíochta airgeadais poiblí urghnáiche a sheachaint a mhéid is féidir agus ansin féin gur mar rogha dheireanach a bhainfí úsáid aisti, a riachtanaí atá sé cothromaíocht a bhaint amach idir leasanna gheallsealbhóirí éagsúla an CPL agus a riachtanaí atá sé trédhearcacht i leith údaráis na mBallstát agus rannpháirtíocht údaráis na mBallstát a áirithiú i gcás ina bhféadfadh impleachtaí a bheith ag an gcinneadh nó ag an ngníomhaíocht atá beartaithe ar an gcobhsaíocht airgeadais nó ar acmhainní fioscacha.

(c) Pleanáil téarnaimh agus réitigh

Beidh sé d'oibleagáid ar na CPLanna pleananna téarnaimh a tharraingt suas agus choinneáil ar bun ina leagfar síos na bearta a bheidh le déanamh i gcás teagmhais mhainneachtana agus teagmhais neamh-mhainneachtana araon, agus teaglaim den dá rud sin, chun a bhfóntacht airgeadais a athbhunú agus chun ligean dóibh leanúint d'fheidhmeanna criticiúla a sholáthar i ndiaidh do mheathlú suntasach teacht ar a staid airgeadais nó más ann do bhaol go sáróidh siad na ceanglais chaipitil agus stuamachta atá orthu faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Áireofar leis sin creat táscairí, bunaithe ar phróifíl riosca an CPL, lena sainaithnítear na himthosca faoina ndéanfar bearta sa phlean téarnaimh, chomh maith le socruithe iomchuí chun faireachán rialta a dhéanamh ar na táscairí. Leagtar amach sa Rialachán an t-íosmhéid inneachair a bheidh i bpleananna téarnaimh CPL agus na ceanglais nach mór a chomhlíonadh le pleananna téarnaimh den sórt sin, lena n-áirítear an ceanglas nár cheart a thoimhdiú leis na pleananna téarnaimh go ndéanfar tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a rochtain nó aon tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a fháil ar aon slí. Chun dreasachtaí cuí le haghaidh bainistiú riosca stuama a áirithiú, ní mór do CPL úsáid a bhaint as méid breise dá acmhainní dílse tiomnaithe réamhchistithe tar éis teagmhas mainneachtana nó neamh-mhainneachtana. Ní bheidh an méid sin níos lú ná 10 % ná níos mó ná 25 % de na ceanglais chaipitil rioscabhunaithe arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Chun an ceanglas sin a chomhlíonadh, féadfaidh CPL úsáid a bhaint as an méid caipitil atá ina sheilbh aige, sa bhreis ar na híosriachtanais chaipitil ina leith, chun an tairseach fógartha dá dtagraítear sa ghníomh tarmligthe arna ghlacadh ar bhonn Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) 648/2012 a chomhlíonadh. Forbróidh ESMA, i ndlúthchomhar le ÚBE agus tar éis dó dul i gcomhairle le CEBC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrófar an mhodheolaíocht chun ríomh agus cothabháil a dhéanamh ar an méid breise d'acmhainní dílse tiomnaithe réamhchistithe a bheidh le húsáid.

Beidh sé d'oibleagáid ar CPLanna a bpleananna téarnaimh a chur faoi bhráid an údaráis inniúil, agus tarchuirfidh an t-údarás sin ansin gach plean chuig an gcoláiste maoirseachta dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, agus chuig an údarás réitigh gan moill mhíchuí. Scrúdóidh an t-údarás réitigh an plean téarnaimh chun aon bhearta a shainaithint a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh d'inréiteacht an CPL. I gcás ina sainaithneofar aon bhearta den sórt sin, tarraingeoidh an t-údarás réitigh aird an údaráis inniúil orthu agus cuirfidh sé moltaí faoi bhráid an údaráis inniúil maidir le bealaí chun aghaidh a thabhairt orthu. Déanfaidh an t-údarás inniúil athbhreithniú ar an bplean téarnaimh agus déanfaidh sé measúnú ar a mhéid a chomhlíonann sé na ceanglais a leagtar síos leis an Rialachán i nós imeachta comhordúcháin leis an gcoláiste maoirseachta agus d'fhonn teacht ar chinneadh comhpháirteach.

Má easaontaíonn tromlach simplí de na comhaltaí a bhfuil vóta acu le togra an údaráis inniúil maidir le cinneadh comhpháirteach, féadfar an cheist a chur faoi bhráid ESMA le haghaidh saincheisteanna sonracha. Féadfaidh ESMA freisin, cúnamh a thabhairt don choláiste, arna iarraidh sin d'údarás inniúil laistigh den choláiste maoirseachta, teacht ar chinneadh comhpháirteach.

Déanfaidh údarás réitigh an CPL, tar éis dó dul i gcomhairle leis an údarás inniúil agus i gcomhar leis an gcoláiste réitigh, plean réitigh a tharraingt suas don CPL. Déanfar foráil sa phlean réitigh maidir leis na gníomhaíochtaí réitigh a fhéadfaidh an t-údarás réitigh a dhéanamh i gcásanna ina gcomhlíonfaidh an CPL na coinníollacha maidir le réiteach. Sonrófar sa phlean réitigh freisin na himthosca agus na cásanna féideartha éagsúla ina mbeidh úsáid á baint as na huirlisí réitigh agus ina mbeidh na cumhachtaí réitigh á bhfeidhmiú. Déanfar idirdhealú soiléir ann, go háirithe trí chásanna féideartha éagsúla, ar chliseadh de bharr teagmhais mainneachtana, teagmhais neamh-mhainneachtana, agus teaglaim den dá rud, agus freisin idir cineálacha éagsúla teagmhas neamh-mhainneachtana. Ní thoimhdeofar sa phlean réitigh tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách ná cúnamh leachtachta éigeandála ó bhanc ceannais, lena n-áirítear cúnamh leachtachta ó bhanc ceannais arna sholáthar faoi théarmaí neamhchaighdeánacha maidir le soláthar urrúis chomhthaobhaigh, aibíocht agus ráta úis. Leagtar amach sa Rialachán inneachar íosta an phlean réitigh, agus foráiltear ann sainordú do ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena sonrófar a thuilleadh inneachar an phlean réitigh.

Comhoibreoidh na CPLanna i dtarraingt suas na bpleananna réitigh agus soláthróidh siad dá n-údarás réitigh, go díreach nó trína n-údarás inniúil, an fhaisnéis uile is gá chun na pleananna sin a tharraingt suas agus a chur chun feidhme. Déanfaidh CPL faisnéis a mhalartú go tráthúil lena údaráis inniúla chun éascaíocht a dhéanamh don mheasúnú ar phróifílí riosca an CPL agus ar an idirnascthacht le bonneagair eile an mhargaidh airgeadais, le hinstitiúidí airgeadais eile agus leis an gcóras airgeadais i gcoitinne a éascú. Tarchuirfidh na húdaráis inniúla faisnéis chuig an gcoláiste maoirseachta, i gcás ina measann siad go mbaineann suntas leis an bhfaisnéis sin.

Tarchuirfidh an t-údarás réitigh dréachtphlean réitigh chuig an gcoláiste réitigh agus tiocfaidh an coláiste réitigh ar chinneadh comhpháirteach maidir leis an bplean réitigh i nós imeachta comhordúcháin. Má easaontaíonn tromlach simplí de na comhaltaí a bhfuil vóta acu le togra an údaráis réitigh maidir le cinneadh comhpháirteach, féadfar an cheist a chur faoi bhráid ESMA. Féadfaidh ESMA freisin, arna iarraidh sin d'údarás réitigh, cuidiú leis an gcoláiste réitigh cinneadh comhpháirteach a dhéanamh.

I gcás ina ndéanfar cinneadh comhpháirteach agus ina measfaidh aon údarás réitigh nó aireacht inniúil go gcuireann ábhar an easaontais isteach ar fhreagrachtaí fioscacha a Bhallstáit, tionscnóidh údarás réitigh an CPL athmheasúnú ar an bplean réitigh.

Déanfaidh an t-údarás réitigh, i gcomhar leis an gcoláiste réitigh tar éis dul i gcomhairle leis an údarás inniúil, measúnú ar a inréitithe atá CPL. Measfar go mbeidh CPL inréitithe i gcás ina sílfidh an t-údarás réitigh go mbeidh sé indéanta agus inchreidte é a leachtú de réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta nó é a réiteach trí na huirlisí réitigh a úsáid agus na cumhachtaí réitigh a fheidhmiú agus leanúnachas fheidhmeanna criticiúla an CPL a áirithiú agus aon úsáid tacaíochta airgeadais poiblí urghnáiche a sheachaint, agus, a mhéid is mó is féidir, aon iarmhairt dhíobhálach shuntasach ar an gcóras airgeadais a sheachaint mar aon leis an bhféidearthacht go mbeadh na geallsealbhóirí dá ndéantar difear faoi mhíbhuntáiste míchuí. Déanfaidh an t-údarás réitigh, i gcomhar leis an gcoláiste réitigh, an measúnú ar inréiteacht i gcomhthráth leis an bplean réitigh a tharraingt suas agus a thabhairt cothrom le dáta. Leis an Rialachán, leagtar síos nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar bhaic ar inréiteacht nó chun deireadh a chur leo, chomh maith le nós imeachta sonrach comhordúcháin leis an gcoláiste réitigh chun aghaidh a thabhairt ar bhaic ar inréiteacht nó chun deireadh a chur leo, d'fhonn teacht ar chinneadh comhpháirteach. Má easaontaíonn tromlach simplí de na comhaltaí a bhfuil vóta acu le togra an údaráis réitigh maidir le cinneadh comhpháirteach, féadfar an cheist a chur faoi bhráid ESMA. Féadfaidh ESMA, arna iarraidh sin ag údarás réitigh an CPL, cuidiú leis an gcoláiste réitigh cinneadh comhpháirteach a dhéanamh.

(d) Luath-idirghabháil

Chun an chobhsaíocht airgeadais a chaomhnú, is gá dó na húdaráis inniúla a bheith in ann meathlú staid airgeadais agus eacnamaíoch CPL a leigheas sula dtiocfaidh an CPL chuig pointe nach mbeidh an dara rogha ag na húdaráis ach é a réiteach nó, i gcás ina bhféadfaí dochar a dhéanamh don chobhsaíocht airgeadais i gcoitinne leis na bearta téarnaimh sin, treoir a thabhairt don CPL a bhearta téarnaimh a athrú. Ba cheart, dá bhrí sin, cumhachtaí luath-idirghabhála a thabhairt d'údaráis inniúla chun éifeachtaí díobhálacha ar an gcobhsaíocht airgeadais a sheachaint nó a íoslaghdú nó ar leasanna geallsealbhóirí éagsúla, a d'fhéadfadh a eascairt ó bhearta áirithe a bheith á gcur chun feidhme ag an CPL. Ba cheart na cumhachtaí luath-idirghabhála sin a thabhairt do na húdaráis inniúla sa bhreis ar na cumhachtaí dá gcuid dá bhforáiltear i ndlí náisiúnta na mBallstát nó faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

Ba cheart a áireamh ar na cumhachtaí luath-idirghabhála an chumhacht srian nó toirmeasc a chur ar aon luach saothair i leith cothromais agus i leith ionstraimí a ndéileáiltear leo mar chothromas, lena n-áirítear íocaíochtaí díbhinne ag an CPL agus athcheannaigh ag an CPL, a mhéid is féidir gan teagmhas mainneachtana a ghníomhachtú. Ba cheart a áireamh ar na cumhachtaí luath-idirghabhála freisin an chumhacht aon íocaíochtaí luacha saothair inathraithe, mar a shainmhínítear i mbeartas luacha saothair an CPL, sochair phinsin lánroghnacha nó pacáistí téarfa don lucht ardbhainistíochta a shrianadh, a thoirmeasc nó a chalcadh. Faoi chuimsiú na gcumhachtaí luath-idirghabhála, agus i gcomhréir leis na forálacha ábhartha faoin dlí náisiúnta, ba cheart don údarás inniúil a bheith in ann riarthóir sealadach a cheapadh, chun teacht in ionad bhord agus lucht bainistíochta sinsearaí an CPL nó chun obair shealadach a dhéanamh leo.

Leis an Rialachán freisin, cuirtear socruithe sonracha i bhfeidhm chun comhaltaí imréitigh a chúiteamh más rud é go gcuireann CPL atá ag téarnamh de bharr teagmhas neamh-mhainneachtana socruithe agus bearta i bhfeidhm chun laghdú a chur ar luach aon ghnóthachan is iníoctha ag an CPL le comhaltaí imréitigh neamh-mhainneachtana arna leagan amach ina phlean téarnaimh, agus dá thoradh sin nach dtéann sé faoi phróiseas réitigh. Sa chás sonrach sin, féadfaidh údarás inniúil an CPL ceangal a chur ar an CPL na comhaltaí imréitigh a chúiteamh as a gcaillteanas trí íocaíochtaí in airgead tirim nó, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh sé ceangal a chur ar an CPL ionstraimí a eisiúint lena n-aithnítear éileamh ar bhrabúis an CPL amach anseo. An fhéidearthacht a chomhaltaí imréitigh neamh-mhainneachtana a chúiteamh, níl feidhm aici maidir lena gcaillteanais de bhun gealltanais chonarthacha i gcás na gcéimeanna bainistíochta mainneachtana nó athshlánaithe. Chun cosaint choibhéiseach a chur ar fáil do chliaint na gcomhaltaí imréitigh sin, foráiltear leis an Rialachán gurb amhlaidh, má tá na comhaltaí imréitigh neamh-mhainneachtana tar éis na caillteanais bhreise a chur ar aghaidh chuig a gcliaint, beidh sé d'oibleagáid orthu na híocaíochtaí arna bhfáil ag an CPL a chur ar aghaidh chuig a gcliaint, a mhéid a thagann na caillteanais atá á gcúiteamh as suíomhanna cliant.

(e) Réiteach

I gcás ina gcomhlíonfaidh CPL na coinníollacha le haghaidh réitigh, cuirfear leis an Rialachán tacar comhchuibhithe uirlisí agus cumhachtaí réitigh ar fáil d'údarás réitigh an CPL. Ar na cumhachtaí sin, ba cheart a áireamh an chumhacht chun ionstraimí úinéireachta, sócmhainní, cearta, oibleagáidí nó dliteanais an CPL a bhfuil ag cliseadh air a aistriú chuig eintiteas eile amhail CPL eile nó CPL idirlinne, an chumhacht chun ionstraimí úinéireachta a dhíluacháil nó a chealú, nó dliteanais an CPL a bhfuil ag cliseadh air a dhíluacháil nó a chomhshó, an chumhacht chun an corrlach athrúcháin a dhíluacháil (faoi réir uasteorann i gcás teagmhais neamh-mhainneachtana), an chumhacht chun forfheidhmiú a dhéanamh ar aon oibleagáidí gan íoc de chuid an tríú páirtí i ndáil leis an CPL lena n-áirítear glaonna ar airgead tirim i gcomhair téarnaimh, mar a leagtar amach i rialacha oibríochta an CPL, agus leithdháiltí suíomhanna, an chumhacht chun glaonna ar airgead tirim i gcomhair réitigh a fheidhmiú, an chumhacht chun conarthaí an CPL a fhoirceannadh i bpáirt agus ina n-iomláine, an chumhacht chun an lucht bainistíochta a athrú agus an chumhacht chun moratóir sealadach a fhorchur ar íocaíochtaí éileamh. Beidh feidhmiú uirlisí réitigh faoi réir coinníollacha comhchoiteanna, cuspóirí comhchoiteanna agus prionsabail ghinearálta mar a leagtar amach sa Rialachán iad. Ba cheart don CPL agus do chomhaltaí a bhoird agus dá lucht bainistíochta sinsearaí leanúint de bheith faoi dhliteanas, faoi réir an dlí shibhialta náisiúnta nó an dlí choiriúil náisiúnta, i leith chliseadh an CPL.

Agus gníomhaíochtaí réitigh á ndéanamh aige, ba cheart d'údarás réitigh an CPL na bearta dá bhforáiltear sna pleananna réitigh arna dtarraingt suas laistigh den choláiste réitigh a chur san áireamh agus a leanúint, ach amháin má mheasann an t-údarás réitigh gur éifeachtaí a bhainfear amach na cuspóirí réitigh trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh nach bhforáiltear dóibh sna pleananna réitigh. Ba cheart don údarás réitigh prionsabail ghinearálta na cinnteoireachta a chur san áireamh, lena n-áirítear an gá atá le cothromaíocht a bhaint amach idir leasanna geallsealbhóirí éagsúla an CPL agus an gá atá le trédhearcacht i leith údaráis na mBallstát agus rannpháirtíocht údaráis na mBallstát a áirithiú i gcás ina bhféadfadh impleachtaí don chobhsaíocht airgeadais nó d'acmhainní fioscacha a bheith ag an gcinneadh beartaithe nó ag an ngníomhaíocht bheartaithe. Go háirithe, ba cheart don údarás réitigh an coláiste réitigh a chur ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí réitigh atá beartaithe, lena n-áirítear i gcás ina ndiallfaidh na gníomhaíochtaí sin ón bplean réitigh.

Ba cheart gurbh iad príomhchuspóirí an réitigh leanúnachas feidhmeanna criticiúla an CPL a áirithiú, leanúnachas nasc le BMAnna eile a áirithiú, drochéifeachtaí suntasacha ar an gcóras airgeadais san Aontas Eorpach nó i gceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit a sheachaint, agus cistí poiblí a chosaint. Ba cheart feidhmeanna criticiúla CPL a bhfuil ag cliseadh air a choimeád, ach na feidhmeanna sin a athstruchtúrú agus, i gcás inarb iomchuí, athrú a dhéanamh ar an mbainistíocht, trí úsáid a bhaint as uirlisí réitigh, agus, a mhéid is féidir, trí úsáid a bhaint as cistí príobháideacha agus gan bheith ag brath ar thacaíocht airgeadais phoiblí urghnách.

Níor cheart do na scairshealbhóirí, na comhaltaí imréitigh agus creidiúnaithe eile an CPL a ndéantar difear dóibh, caillteanais a thabhú ar mó iad ná na caillteanais a thabhóidís mura ndéanfadh an t-údarás réitigh an ghníomhaíocht réitigh i ndáil leis an CPL agus go mbeidís, ina ionad sin, faoi réir gach oibleagáid gan íoc de bhun rialacha mainneachtana an CPL (nó socruithe eile conarthacha ina rialacha oibríochta) agus go bhfoirceannfaí an CPL de réir na ngnáthimeachtaí dócmhainneachta (an prionsabal "creidiúnaí ar bith níos measa as ná faoi ghnáthnósanna imeachta dócmhainneachta"). Chun comhlíonadh an phrionsabail "creidiúnaí ar bith níos measa as ná faoi ghnáthnósanna imeachta dócmhainneachta" a mheas, ba cheart oibleagáidí soiléire a leagan síos maidir le luacháil shócmhainní agus dhliteanais an CPL agus maidir le luacháil na cóireála a bheadh faighte ag na scairshealbhóirí, ag na comhaltaí imréitigh agus ag na creidiúnaithe eile mura ndéanfadh an t-údarás réitigh an ghníomhaíocht réitigh. Aithnítear sa Rialachán gur féidir le gníomhaíochtaí téarnaimh agus réitigh difear indíreach a dhéanamh freisin do chliaint agus do chliaint indíreacha nach creidiúnaithe de chuid an CPL iad, a mhéid atá costais téarnaimh agus réitigh curtha ar aghaidh chuig na cliaint sin agus chuig na cliaint indíreacha sin faoi na socruithe conarthacha is infheidhme. Tabharfar aghaidh, dá bhrí sin, trí na socruithe conarthacha céanna, ar thionchar cáis téarnaimh agus réitigh CPL ar chliaint agus ar chliaint indíreacha. Sonraítear sa Rialachán, má cheadaítear le socruithe conarthacha do chomhaltaí imréitigh iarmhairtí diúltacha na n-uirlisí réitigh a chur ar aghaidh chuig a gcliaint, go n-áireofar sna socruithe conarthacha sin freisin, ar bhonn coibhéiseach agus comhréireach, ceart cliant chun aon chúiteamh a gheobhaidh comhaltaí imréitigh ón CPL tar éis éileamh "creidiúnaí ar bith níos measa as ná faoi ghnáthnósanna imeachta dócmhainneachta" – a mhéid a eascraíonn an ceart chun cúitimh den sórt sin as suíomhanna cliant. Tá feidhm ag na forálacha sin freisin maidir le socruithe conarthacha na gcliant agus na gcliant indíreach a chuireann seirbhísí imréitigh indíreacha ar fáil dá gcliaint.

Nuair a rachaidh CPL faoi réiteach, ba cheart don údarás réitigh aon oibleagáidí conarthacha gan íoc a leagtar amach i rialacha oibríochta an CPL a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear bearta téarnaimh nach bhfuil thart, ach amháin i gcás inarbh fhearr uirlis eile réitigh a fheidhmiú chun drochéifeachtaí ar chobhsaíocht airgeadais a mhaolú nó chun feidhmeanna criticiúla an CPL a chinntiú ar mhodh tráthúil. I gcás nach leor na hionstraimí sin, beidh de chumhacht ag na húdaráis réitigh fiachas agus dliteanais neamhurraithe a dhíluacháil, i gcomhréir lena n-aicmiú faoin dlí dócmhainneachta náisiúnta is infheidhme, agus uirlisí leithdháilte caillteanais a úsáid a mhéid is gá gan an chobhsaíocht airgeadais i gcoitinne a chur i mbaol. Ba cheart na huirlisí téarnaimh agus na huirlisí réitigh atá ar fáil, agus go háirithe an uirlis díluachála, a úsáid a oiread is féidir roimh nó i gcomhthráth le haon instealladh caipitil ón earnáil phoiblí nó a choibhéis de thacaíocht airgeadais phoiblí urghnách a thugtar don CPL. Is mar rogha dheiridh a úsáidfear tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách chun cúnamh a thabhairt le réiteach institiúidí a bhfuil ag cliseadh orthu; tá an úsáid sin le bheith teoranta ó thaobh ama agus comhlíonfar léi na forálacha ábhartha maidir le Státchabhair.

Ba cheart do na húdaráis réitigh a áirithiú freisin go n-íoslaghdófar costais réiteach an CPL agus go gcaithfear go cothromasach le creidiúnaithe den aicme chéanna. Ba cheart don údarás réitigh a bheith in ann gníomh réitigh a dhéanamh ar gníomh réitigh é a imíonn ón bprionsabal go gcaitear go comhionann le gach creidiúnaí, más ar mhaithe le leas an phobail atá sé na cuspóirí réitigh a bhaint amach agus má tá sé comhréireach leis an riosca a bhfuil aghaidh á tabhairt air. Má úsáideann an t-údarás réitigh beart den sórt sin, níor cheart idirdhealú a dhéanamh ar aon duine leis ar bhonn náisiúntachta.

I gcás inar úsáideadh na huirlisí réitigh chun feidhmeanna criticiúla nó gnó inmharthana CPL a aistriú chuig eintiteas fónta amhail ceannaitheoir ón earnáil phríobháideach nó CPL idirlinne, ba cheart an chuid iarmharach den CPL a leachtú laistigh d'achar iomchuí ama ag féachaint d'aon ghá go soláthródh an CPL a bhfuil ag cliseadh air seirbhísí nó tacaíocht le go mbeadh an ceannaitheoir nó an CPL idirlinne in ann na gníomhaíochtaí a dhéanamh nó na seirbhísí a sholáthar a leagadh air de bhua an aistrithe sin. Leis an uirlis díolta gnó, ba cheart do na húdaráis a bheith in ann an CPL nó codanna de ghnó an CPL a dhíol le ceannaitheoir amháin nó níos mó gan toiliú na scairshealbhóirí. Agus an uirlis díolta gnó á cur i bhfeidhm, ba cheart do na húdaráis socruithe a dhéanamh maidir leis an CPL sin nó cuid dá ghnó a mhargú i bpróiseas oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, agus é mar aidhm acu ag an am céanna an praghas díola a uasmhéadú a mhéid is féidir. Aon ghlanfháltais ó aistriú sócmhainní nó dliteanas de chuid an CPL atá faoi réiteach nuair a chuirfear an uirlis díolta gnó i bhfeidhm, ba cheart iad a dhul chun tairbhe don eintiteas a bhíonn fágtha sna himeachtaí foirceanta.

Ba cheart ceanglais nós imeachta a bheith ar áireamh sa chreat réitigh lena n-áiritheofar go dtabharfar fógra iomchuí maidir le gníomhaíochtaí réitigh agus go bpoibleofar iad. Mar sin féin, de bhrí gur dócha faisnéis a gheobhaidh na húdaráis réitigh agus a gcomhairleoirí gairmiúla le linn an phróisis réitigh a bheith íogair, sula bpoibleofar an cinneadh ba cheart í a bheith faoi réir córas éifeachtach rúndachta.

D'fhéadfadh sé go dteastódh measúnuithe eacnamaíocha agus mórchorrlach lánroghnach le haghaidh na mbeart réitigh a dhéanann na húdaráis réitigh náisiúnta. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, a áirithiú go n-úsáidfeadh na cúirteanna náisiúnta na measúnuithe eacnamaíocha arna ndéanamh ag na húdaráis réitigh náisiúnta mar bhonn agus na bearta sin á n-athbhreithniú acu, agus ag an am céanna nach gcoiscfí leo ar na cúirteanna náisiúnta scrúdú a dhéanamh féachaint an bhfuil an fhianaise ar a bhfuil an t-údarás réitigh ag brath cruinn, iontaofa agus comhsheasmhach ó thaobh fíricí de, an bhfuil an fhaisnéis ábhartha uile san fhianaise sin ar cheart í a chur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar chás casta agus an seasann an fhianaise leis na conclúidí ar thángthas orthu ar bhonn na fianaise sin. Ina theannta sin, ós rud é go bhféadfadh sé go gcuirfí bac ar leanúnachas na bhfeidhmeanna criticiúla dá gcuirfí aon chinneadh de chuid na n-údarás réitigh ar fionraí, is gá foráil a dhéanamh nach gcuirfear, de thoradh achomharc a bheith curtha isteach, éifeachtaí an chinnidh a bhfuiltear ag agóid ina choinne ar fionraí go huathoibríoch agus gur cheart cinneadh an údaráis réitigh a bheith in-fhorfheidhmithe láithreach. Chun go ndéanfar réiteach éifeachtúil, agus chun coinbhleachtaí dlínse a sheachaint, is fearr gan aon ghnáthimeachtaí dócmhainneachta maidir leis an CPL a bhfuil ag cliseadh air a oscailt ná leanúint d'aon ghnáthimeachtaí dócmhainneachta maidir leis le linn don údarás réitigh a chumhachtaí réitigh a fheidhmiú nó na huirlisí réitigh a úsáid ach amháin ar thionscnamh an údaráis réitigh nó ar thoiliú chuige dó.

<u>(f) Caidreamh le tríú tíortha</u>

Soláthraíonn CPLanna de chuid an Aontais Eorpaigh seirbhísí do chomhaltaí imréitigh agus dá gcliaint atá lonnaithe i dtríú tíortha agus soláthraíonn CPLanna tríú tíortha seirbhísí do chomhaltaí imréitigh agus dá gcliaint atá lonnaithe san Aontas Eorpach. Le réiteach éifeachtach a dhéanamh ar CPLanna atá gníomhach go hidirnáisiúnta, is gá comhar idir údaráis na mBallstát agus údaráis tríú tír. Chun na críche sin, ba cheart do ESMA treoir a thabhairt maidir leis an ábhar ábhartha sna socruithe comhair atá le tabhairt i gcríoch le húdaráis tríú tíortha.

Ba cheart a áirithiú leis na socruithe comhair sin go ndéanfar pleanáil éifeachtach, cinnteoireacht éifeachtach agus comhordú éifeachtach i ndáil le CPLanna atá gníomhach go hidirnáisiúnta. Ba cheart do na húdaráis réitigh náisiúnta imeachtaí réitigh tríú tír a aithint agus a fhorfheidhmiú i sna himthosca dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Ba cheart comhar a dhéanamh freisin maidir le fochuideachtaí CPLanna de chuid an Aontais nó de chuid tríú tíortha agus maidir lena gcomhaltaí imréitigh agus a gcliaint.

(g) Bearta agus pionóis riaracháin

Chun a áirithiú go ndéantar feidhmiú comhsheasmhach ar phionóis riaracháin ar fud na mBallstát i leith sáruithe ar an Rialachán, foráiltear leis an Rialachán do liosta de príomhphionóis riaracháin agus de bhearta eile riaracháin is gá a bheith ar fáil do na húdaráis réitigh agus do na húdaráis inniúla, don chumhacht na pionóis riaracháin agus na bearta eile riaracháin sin a fhorchur ar gach duine, cibé acu dlítheanach nó nádúrtha, atá freagrach as sárú, do liosta de phríomhchritéir chun leibhéal agus cineál na bpionós riaracháin agus na mbeart eile riaracháin sin a chinneadh agus do leibhéil pionós riaracháin airgid. Leis na pionóis riaracháin agus na bearta eile riaracháin, ba cheart tosca mar seo a leanas a chur san áireamh: aon tairbhe airgeadais a sainíodh atá mar thoradh ar an sárú, tromchúis agus fad an tsáraithe, aon tosca géaraitheacha nó maolaitheacha, agus an gá go mbeadh éifeacht dhíspreagach ag fíneálacha riaracháin. I gcás inarb iomchuí, ba cheart lascaine de chionn comhar leis an údarás réitigh nó leis an údarás inniúil a áireamh orthu.

(h) Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010

Leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 chun údaráis réitigh CPLanna a chur san áireamh sa sainmhíniú ar "údaráis inniúla", agus chun gur féidir le hionadaí ó údarás réitigh a mBallstáit a bheith in éineacht le comhalta de Bhord Maoirseoirí ESMA, i gcás inarb iom

(i) Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus ar Rialachán (AE) 2015/2365

Leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun an chumhacht a thabhairt don Choimisiún an oibleagáid imréitigh a chur ar fionraí arna iarraidh sin d'údarás réitigh CPL faoi réiteach nó dá údarás inniúil, ar thionscnamh na n-údarás sin nó arna iarraidh sin don údarás inniúil atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chomhalta imréitigh an CPL faoi réiteach, agus tar éis do ESMA tuairim neamhcheangailteach a thabhairt. Ní ghlacfar an cinneadh chun an oibleagáid imréitigh a chur ar fionraí ach amháin más gá sin chun an chobhsaíocht airgeadais agus muinín an mhargaidh a chaomhnú. Fionraí de chineál sealadach ba cheart a bheidh ann ar féidir síneadh a chur léi. Chun a áirithiú go gcuirfear athchóiriú thagarmharc ráta úis an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais chun feidhme mar is cuí, ba ghá freisin Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a leasú chun soiléiriú a thabhairt do rannpháirtithe margaidh maidir le hidirbhearta a thionscnófar nó a dhéanfar a nuachan sula dtiocfaidh na ceanglais imréitigh nó chorrlaigh i bhfeidhm maidir le hidirbhearta díorthacha thar an gcuntar lena dtagraítear do thagarmharc ráta úis ('trádálacha leagáide'), nach mbeidh na hidirbhearta sin faoi réir na gceanglas sin nuair a dhéanfar iad a nuachan chun athchóiriú thagarmharc an ráta úis a chur chun feidhme nó chun ullmhú don chur chun feidhme sin, agus chun na críche sin amháin.

Leasaíodh Airteagal 24a(7), pointe (b) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 chun a áirithiú go gcuirfear san áireamh, i gcás inar féidir, sna measúnuithe uile-Aontais ar athléimneacht CPLanna i leith drochfhorbairtí margaidh, éifeacht chomhiomlán na socruithe maidir le téarnamh agus réiteach CPLanna ar an gcobhsaíocht airgeadais san Aontas Eorpach. Ar an dóigh chéanna, méadaíodh ról choiste riosca an CPL, a leagtar amach in Airteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, chun an CPL a spreagadh a thuilleadh lena rioscaí a bhainistiú go stuama agus a stóinseacht a fheabhsú. Rinneadh tuilleadh leasuithe freisin chun a áirithiú go gcuirfidh na CPLanna a n-údaráis inniúla ar an eolas i gcás ina bhfuil forbairt dhiúltach shuntasach i bpróifíl riosca aon cheann de chomhaltaí imréitigh an CPL, agus chun trédhearcacht a mhéadú idir comhaltaí imréitigh an CPL agus a gcliaint maidir le caillteanais phoitéinsiúla nó costais eile a d'fhéadfaidís a sheasamh mar thoradh ar chur i bhfeidhm nósanna imeachta bainistithe mainneachtana agus socruithe caillteanais agus leithdháilte suímh faoi rialacha oibríochta an CPL.

Chun dreasachtaí do bhainistíocht riosca stuama a neartú a thuilleadh, i gcás neamh-mhainneachtain shuntasach, beidh an t-údarás inniúil in ann a cheangal ar an CPL staonadh ó dháileacháin díbhinne a dhéanamh, ó ghnáthscaireanna a cheannach ar ais, nó ó oibleagáid a chruthú luach saothair inathraitheach, sochair phinsin lánroghnacha nó pacáistí téarfa a íoc leis an lucht bainistíochta sinsearaí.

Ar deireadh, ba cheart rochtain a bheith ag údaráis réitigh na CPLanna ar an bhfaisnéis uile is gá atá i stórtha trádála. Dá bhrí sin, leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle dá réir freisin.

<u>(j) Leasuithe ar Threoir 2002/47/CE, ar Threoir 2017/1132, ar Threoir 2004/25/CE, ar Threoir 2007/36/CE, ar Threoir 2014/59/AE agus ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014</u>

Chun réiteach CPLanna a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach, is gá a áirithiú nach mbeidh feidhm ag na coimircí dá bhforáiltear i dTreoir 2002/47/CE maidir le haon teorainn ar fhorfheidhmiú socraithe airgeadais chomhthaobhaigh, maidir le héifeacht socraithe airgeadais chomhthaobhaigh urrúis, nó maidir le haon ghlanluacháil socraíochta nó aon fhoráil fritháirimh dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

I dTreoracha 2017/1132, 2004/25/CE agus 2007/36/CE tá rialacha le haghaidh scairshealbhóirí agus creidiúnaithe CPLanna a thagann faoi raon feidhme na dTreoracha sin a chosaint. I gcás nach mór d'údaráis réitigh gníomhú go tapa faoin Rialachán seo, d'fhéadfadh na rialacha sin a bheith ina mbac ar ghníomhaíocht réitigh éifeachtach agus ar an úsáid a bhaineann údaráis réitigh as uirlisí agus cumhachtaí réitigh. Déantar, dá bhrí sin, maoluithe faoi Threoir 2014/59/AE a leathnú freisin chuig gníomhartha a dhéantar i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Chun dúbailt ceanglas a sheachaint, leasaítear Treoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun na heintitis sin a eisiamh óna raon feidhme ar eintitis iad atá údaraithe freisin i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(k) Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014

Rinneadh foráil in Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le hidirthréimhse nach mbeadh feidhm lena linn ag Airteagal 35 nó 36 den Rialachán sin maidir leis na CPLanna nó na hionaid trádála sin a chuir iarratas chuig a n-údarás inniúil i dtaobh tairbhiú de na socruithe idirthréimhseacha i leith díorthaigh arna dtrádáil ar mhalartán. An idirthréimhse inar féidir lena údarás inniúil náisiúnta ionad trádála nó CPL a dhíolmhú, chuaigh sí in éag an 3 Iúil 2020. Mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19, cuirtear siar leis an Rialachán go ceann bliain amháin, go dtí an 3 Iúil 2021, dáta chur i bhfeidhm an chórais nua rochtana oscailte d'ionaid trádála agus do CPLanna a chuireann ar fáil seirbhísí trádála agus imréitigh i ndáil le díorthaigh arna dtrádáil ar mhalartán.

## IV. CONCLÚID

Léirítear leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach a baineadh amach sa chaibidlíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa le tacaíocht ón gCoimisiún. Creideann an Chomhairle gur pacáiste cothromúil é a seasamh ar an gcéad léamh agus, má fhormheasann Parlaimint na hEorpa a seasamh, go n-áiritheofar, leis an Rialachán maidir le Téarnamh agus Réiteach CPLanna, go mbeidh sé d'acmhainn ag CPLanna agus ag údaráis náisiúnta san Aontas araon gníomhú go cinntitheach i gcásanna ina bhfuil anás géar nó cliseadh ag bagairt ar CPL, agus go rannchuideoidh sé le hAontas na Margaí Caipitil a bhunú.